Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Meán Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**12747/23**

**CSDP/PSDC 628**
**CFSP/PESC 1224**
**COAFR 303**
**RELEX 1025**
**EUTM MOZ 7**
**PSC DEC 37**
**CONUN 238**
**EUMC 377**
**CSC 426**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar Mhisean an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i Mósaimbíc (EUTM Mhósaimbíc), agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2022/1482 (EUTM Mozambique/2/2023) |

**CINNEADH (CBES) 2023/… ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an …**

**maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar Mhisean an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i Mósaimbíc (EUTM Mhósaimbíc), agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2022/1482 (EUTM Mozambique/2/2023)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2021/1143 ón gComhairle an 12 Iúil 2021 maidir le Misean an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i Mósaimbíc (EUTM Mhósaimbíc)[1], agus go háirithe Airteagal 5(1) de,

[1] IO L 247, 13.7.2021, lch. 93.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 5(1) de Chinneadh (CBES) 2021/1143, thug an Chomhairle údarú don Choiste Polaitiúil agus Slándála cinntí a dhéanamh maidir le rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach EUTM Mhósaimbíc, lena n-áirítear na cinntí ábhartha maidir le Ceannasaithe Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar EUTM Mhósaimbíc.

(2) Le Cinneadh (CBES) 2022/1482[1], cheap an Coiste Polaitiúil agus Slándála an Ceannasóir Rogério Paulo Figueira MARTINS DE BRITO mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar Mhisean an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i Mósaimbíc (EUTM Mhósaimbíc).

(3) An 14 Iúil 2023, mhol údaráis na Portaingéile go dtiocfadh an Briogáidire-Ghinearál João CARLOS de BASTOS JORGE GONÇALVES i gcomharbas ar an gCeannasóir Rogério Paulo Figueira MARTINS DE BRITO mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM Mhósaimbíc ón 15 Meán Fómhair 2023.

(4) An 27 Iúil 2023, thacaigh Ceannasaí Misin an Aontais leis an togra sin.

---

[1] Cinneadh (CBES) 2022/1482 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 25 Lúnasa 2022 maidir le Misean an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i Mósaimbíc (EUTM Mhósaimbíc) (EUTM Mhósaimbíc/1/2022) (IO L 233, 8.9.2022, lch. 50).

(5) An 31 Iúil 2023, mhol Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh go gceapfaí an Briogáidire-Ghinearál João CARLOS de BASTOS JORGE GONÇALVES mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ón 15 Meán Fómhair 2023.

(6) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an mBriogáidire-Ghinearál João CARLOS de BASTOS JORGE GONÇALVES a cheapadh mar Cheannasaí Fórsa Mhisean EUTM Mhósaimbíc ón 15 Meán Fómhair 2023 agus ba cheart Cinneadh (CBES) 2022/1482 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar an Briogáidire-Ghinearál João CARLOS de BASTOS JORGE GONÇALVES a cheapadh ina Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar Mhisean an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i Mósaimbíc (EUTM Mhósaimbíc) ón 15 Meán Fómhair 2023.

*Airteagal 2*

Leis seo, déantar Cinneadh (CBES) 2022/1482 a aisghairm.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 15 Meán Fómhair 2023.

Arna dhéanamh i/in/sa …, … 2023.

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*
*An Cathaoirleach*
*D. PRONK*